

Gael-Choláiste Chill Dara

Seanbhóthar Luimnigh

Nás na Ríogh

Co Chill Dara W91 E282

Rolla 68072I

Fón/faics 045 898294

www.gccd.ie



15 (a) Éide Scoile

Ba cheart do dhaltaí iad féin a chur i láthair glan agus néata agus an éide scoile iomlán á caitheamh acu. Ní féidir hata, caifirín, cochall nó lámhainní a chaitheamh timpeall na scoile. Ní cheadaítear polladh colainne nó seodra ar bith seachas stoda amháin i ngach cluas agus uaireadóir a chaitheamh ar mhaithe le cúrsaí slándála. Ní cheadaítear smideadh.

Éide Scoile Ghael-Choláiste Chill Dara ná

- sciorta na scoile / bríste dúghorm,
- geansaí gorm geal,
- blús / léine bán
- bróga leathair dubha / dúghorma gan aon phatrún daite
- stocaí nó riteoga dúghorma nó liatha gan phatrún

Ní bheidh cead geansaí spóirt na scoile, seaicéad lomra nó aon chóta a chaitheamh sna ranganna seachas faoi threoir mhúinteora. Is gá cótaí a choinneáil sa taisceadán i rith am ranga.

Tá an éide scoile le fáil i Richie Whelans Menswear, Nás na Ríogh agus The Back To School Store, Droichead Nua.

Caithfear lipéad le hainm an úinéara air go soiléir a bheith ar gach píosa den éide scoile, éide spóirt srl.

Ba cheart éide báistí oiriúnach a chaitheamh nuair is gá ionas nach dtagann na daltaí ar scoil in éadaí fliucha. Ba cheart péire stocaí agus bróga breise a thógáil ar scoil le haghaidh spóirt am lóin.

Cuirfear glaoch ar thuismitheoir ó oifig na scoile chun éide a thógáil isteach nó a p(h)áiste a bhailiú má thagann dalta ar scoil gan éide scoile agus nach bhfuil sásta breis stoc na scoile a chaitheamh.

(b) Corpoideachas

Ba chóir go gcaithtear an éide scoile nórmálta ag teacht ar scoil is ag imeacht ón scoil. Beidh ar dhaltaí éadaí spóirt a thabhairt leo don rang corpoideachais. Ní mór éadaí a athrú roimh agus i ndiaidh an rang corpoideachais. Ní bheidh cead ag aon dalta an culaith reatha a chaitheamh seachas i rith corpoideachais nó nuair a iarrann múinteoir orthu. Ba chóir go nglacann gach dalta páirt sna ranganna corpoideachais. Muna bhfuil na héadaí cearta ag dalta nó muna féidir leis nó léi páirt a ghlacadh sa rang toisc nóta a bheith acu ó thuismitheoir/chaomhnóir is féidir le dalta a bheith fágtha ag déanamh staidéir le rang eile.